COMHAD FÍRICÍ:
TEICNEOLAÍOCHT DHIGITEACH GCSE
Aonad 1
CIBEARSPÁS, SLÁNDÁIL LÍONRA AGUS AISTRIÚ SONRAÍ

Rewarding Learning

Intreoir

Torthaí Foghlama

Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:

- Sainmhíniú a thabhairt ar an téarma 'cibearchoireacht' agus samplaí a thabhairt de bhagairtí ar chibearshlándáil, lena n-áirítear:
  - Haiceáil
  - Pornagrafaíocht
  - Cibearstalcaireacht
  - Gadaíocht sonraí
  - Séanadh seirbhíse
  - Brionnú digiteach
  - Cibear-chlúmhilleadh
  - Spamáil
  - Fioscaireacht
- Tabhair sainmhíniú ar an téarma bogearraí mailíseacha agus déan cur síos ar na foirmeacha bogearraí mailíseacha seo a leanas: víreas, capall Traíoch, ríomhphéist, eochairlogálaí agus earraí spiaireachta.

Inneachar

- Cibearchoireacht
- Bagairtí i leith cibhearshlándála
- Bogearraí Mailíseacha

Cibearchoireacht

Is é is cibearchoireacht ann, aon ghníomhaíocht neamhdhleathach a bhaineann le ríomhaire a úsáid nó le gléas eile a úsáid atá ceangailte le líonra, mar shampla, fón póca. Tá roinnt gníomhartha coiriúla a mbaintear úsáid as an idirlíon lena ndéanamh. Cuimsíonn seo gníomhartha a dhéantar le leas a bhaint as an íospartach (mar shampla, gadaíocht sonraí nó fioscaireacht) nó mar ghníomh mailíseach (amhail cibearstalcaireacht nó cibear-chlúmhilleadh).

Mar gheall ar fhás domhanda an idirlín, tá deiseanna níos mó ag daoine atá ag iarraidh gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a dhéanamh le coireanna a dhéanamh. Ní gá do choirpigh bheith i láthair go fisiceach a thuilleadh le coir a dhéanamh agus mar gheall ar áisiúlacht agus ar neamhainmníocht an idirlín, bíonn sé níos fusa coireanna a dhéanamh. Is féidir le duine aonair nó grúpa cibearchoireacht a dhéanamh, nó is féidir le heagraíochtaí coiriúla iad a chomhordú. Tá dúshláin ag baint le póilíneacht a dhéanamh ar chibearchoireacht, mar is féidir leis an choireach a bheith i dtír eile leis an íospartach, agus dlithe difriúla i bhfeidhm sa dá thír.

Haiceáil

Is é is haiceáil ann, nuair a dhéantar iarracht rochtain neamhúdaraithe a dhéanamh ar ríomhchóras. Is gnách go mbíonn baint níos faide ag an rochtain neamhdhleathach seo ar ríomhchóras le gníomhaíocht mhailíseach agus b'fhéidir go mbeadh úsáid breise den ríomhchóras le coireanna eile a dhéanamh i gceist. Ar theicníocí coitianta tá úsáid ríomhphéisteanna nó scripteanna, rudaí a dhéanann cianrochtain ar an líonra trí chiancheangal neamhúdaraithe, nó ionsaí diúltaithe seirbhíse a úsáid. Is féidir le haiceálaí rochtain a fháil ar líonra fosta trí bhogearraí ar leith a úsáid, mar shampla, is féidir ríomhchlár eochairlogálaí a úsáid le seicheamh gach eochair a bhrúnn an t-úsáideoir ar a mhéarchlár a thaifeadadh. Is féidir leis an haiceálaí úsáid a bhaint as bogearraí ansin leis an ainm úsáideora agus leis an phasfhocal atá ag úsáideoir dlisteanach a fháil amach.

Pornagrafaíocht

Is é is pornagrafaíocht ann, léiriú ar ghníomhaíocht ghnéasach. Tá sé i láthair ar an idirlíon i bhfoirm físeán agus íomhánna. Cuid den ábhar a léirítear agus a chomhroinntear i bhfoirm leictreonach, léiríonn sé gníomhartha atá in éadan an dlí. Má fhaightear go bhfuil ábhar neamhdhleathach i seilbh duine nó má tá fianaise ann go raibh rochtain acu ar ábhar neamhdhleathach, is féidir iad a chúisiú.

Cibearstalcaireacht

Is é is cibearstalcaireacht ann, úsáid líonra nó cumarsáidí leictreonacha eile le duine a chiapadh nó le heagla a chur orthu. B'fhéidir gur strainséir é an cibearstalcaire nó duine a bhfuil aithne ag an íospartach air nó uirthi. Go díreach mar an gcéanna le stalcaireacht san fhíorshaol, is é a bhíonn i gceist leis chibearstalcaireacht de ghnáth ná monatóireacht a dhéanamh ar an íospartach thar thréimhse ama agus eolas a bhailiú faoina ghníomhaíochtaí ar líne.

B'fhéidir go mbeadh pearsanú i gceist, nó bagairtí a dhéanamh agus i gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeadh stalcaireacht fhisiceach san fhíorshaol i gceist.

Gadaíocht sonraí

Is é is gadaíocht sonraí ann, sonraí a ghoid ó íospartach nó ó eagraíocht nach bhfuil ar an eolas faoi chun faisnéis rúnda a fháil orthu. Réamhchúraimí slándála taobh istigh de ghnó, is minic a thugann siad faoin riosca go mbeadh daoine ón taobh amuigh ábalta rochtain a fháil ar shonraí íogaire trína líonra a chosaint, mar shampla, le ballaí dóiteáin, ach is mó an deacracht a bhaineann lena chinntiú go mbíonn gach úsáideoir údaraithe ag feidhmiú ar son leas an chomhlachta. B'fhéidir go ndéanfadh duine gadaíocht sonraí le leas a bhaint as na sonraí a ghoid siad, nó b'fhéidir go mbeadh siad ag iarraidh na sonraí a chur ar fáil do dhaoine eile ar chúiseanna morálta nó eiticiúla. Sa dara cás, is minic a thugtar sceithireacht air seo agus tá suíomhanna gréasáin ann atá dírithe ar shonraí goidte a chomhroinnt don chuspóir sin, mar shampla, Wikileaks.

Séanadh seirbhíse (DoS)

Is é is séanadh seirbhíse ann, nuair nach dtig le freastalaí gréasáin freastal ar iarrachtaí na gcliant leathanaigh ghréasáin a rochtain. Ciallaíonn seo, má dhéanann úsáideoir iarracht leathanach gréasáin a rochtain, níl an freastalaí gréasáin ábalta an leathanach a chur chuig an úsáideoir.

Tarlaíonn an caillteanas feidhmiúlachta nuair a chuirtear líon mór iarratas ar leathanaigh chuig an fhreastalaí gréasáin beagnach ag an am chéanna agus ní thig leis riar ar an éileamh. B'fhéidir go dtarlódh seo nuair a bhíonn a lán daoine ag iarraidh leathanach a rochtain, mar shampla nuair a eisítear ticéid do cheolchoirm a bhfuil ard-ráchairt uirthi, ach is féidir leis tarlú de dheasca ionsaí a rinneadh d'aon turas fosta. D'fhéadfadh haiceálaithe ionsaí a dhéanamh ar shuíomh gréasáin ar a lán cúiseanna difriúla, mar shampla le ráiteas polaitiúil a dhéanamh, le trolláil a dhéanamh (ag iarraidh daoine a chiapadh nó cur isteach orthu ar mhaithe le siamsaíocht) nó le dúmhál a dhéanamh ar dhuine.

Modh amháin a úsáideann haiceálaithe leis seo a dhéanamh ná rud ar a dtugtar séanadh seirbhíse dáilte (DDoS). In ionsaí DDoS, cuireann ríomhairí atá ionfhabhtaithe le víreas na hiarratais ar an sprioc-shuíomh gréasáin. Ligeann na hionsaitheoirí don víreas leathadh go ceann tréimhse ama agus ansin úsáideann siad an víreas le ríomhairí infhabhtaithe a fhuadach leis na hiarratais a chur chuig an spriocshuíomh gréasáin.

Brionnú digiteach

Is gníomh coiriúil é brionnú digiteach ina ndéantar cóip de dhoiciméad nó d'íomhá le rún sochar a bhaint as. Thiocfadh le coirigh doiciméad a mhacasamhlú nó a athrú ar dhóigh atá míthreorach nó a chuireann an bundoiciméad as a riocht. Mar shampla, d'fhéadfadh duine físeán nó íomhá a athrú le duine a chiontú i gcoir.

Cibear-chlúmhilleadh

Is é is clúmhilleadh ann, faisnéis bréige a thabhairt a dhéanann dochar do chlú duine nó gnólachta. Is é is cibear-chlúmhilleadh ann, an t-idirlíon a úsáid leis an fhaisnéis bhréige sin a roinnt. B'fhéidir go mbeadh gníomhaíocht den chineál seo ar scála beag, mar shampla, úsáideoir a roinneann faisnéis bréige nó íomhánna ar na meáin shóisialta faoi dhuine a bhfuil aithne aige orthu, nó b'fhéidir go mbeadh sé ar an mhórscála, mar shampla foinse nuachta a fhoilsíonn alt nár seiceáladh na fíricí ann mar is ceart.

Spamáil

Is ríomhphost nó teachtaireacht leictreonach eile í spamáil a chuirtear chuig duine nár iarr í. Cuid mhór soláthróirí ríomhphoist, déanann siad teachtaireachtaí turscair nó spamála a scagadh agus a chur isteach i gcomhaid dramhphost dá n-úsáideoirí. Is daoine iad spamálaithe a bhulc-chuireann teachtaireachtaí gan iarraidh chuig líon mór úsáideoirí idirlín. In amanna, is é an chéad chuid d'fheachtas fioscaireachta é turscair (teachtaireachtaí spamála) a chur, le súil go bhfreagróidh an dhuine a fhaigheann é ar r-phost bréagach.

Fioscaireacht

Is é is fioscaireacht ann, daoine a áitiú faisnéis rúnda a nochtadh, amhail sonraí cuntas bainc nó pasfhocail, trí ríomhphost a chur a ligeann air bheith ó eagraíocht oifigiúil agus ag iarraidh orthu 'athdhearbhú' a dhéanamh ar shonraí ar chóir iad a bheith ag an eagraíocht cheana féin.

In ainneoin go bhfuil an cineál seo coire ag dul ar aghaidh le tamall fada, tá sí go fóill éifeachtach, cionn is gur féidir le cuid de na ríomhphoist a chuireann coirigh a bheith iontach sochreidte, lena n-áirítear rudaí ar nós lógó an chomhlachta nó uimhir ghutháin a oibríonn.

Bogearraí Mailíseacha

Bogearraí mailíseacha an t-ainm ginearálta atá ar bhogearraí mailíseacha a d'fhéadfadh úsáideoirí a íoslódáil i nganfhios dóibh ar a ríomhairí féin. Tá víris, capaill Thraíocha, eochairlogálaithe agus bogearraí spiaireachta san áireamh sna bagairtí slándála seo.

Víris

Is ríomhchlár é víreas atá deartha le cóip a dhéanamh de féin idir agus taobh istigh de ríomhairí, le ríomhchóras a dhéanamh neamhiontaofa. B'fhéidir go mbeadh orduithe i gcód an víris le dochar a dhéanamh do chóras an ríomhaire trí chomhaid úsáideora a chorbadh nó a scrios, nó leis an chuimhne a líonadh, rudaí a chuirfidh moill ar fheidhmiú an ríomhaire. In amanna, beidh a fhios ag an úsáideoir go bhfuil rud éigin cearr, mar go bhfuil an víreas ag cur ar an ríomhaire teachtaireachtaí gan iarraidh nó míreanna aníos a thaispeáint.

Mura bhfuil sé seo amhlaidh, thig le ríomhaire a bheith ionfhabhtaithe ar feadh tamaill i nganfhios don úsáideoir. Mura bhfuil a fhios ag an úsáideoir, is féidir an ríomhaire a úsáid le ríomhairí eile a ionfhabhtú. Tarlaíonn próiseas na cóipeála go huathoibríoch agus in amanna, beidh rud ar leith a thionscnamh, nó is féidir é a sceidealú le tarlú ar dháta ar leith.

Traíoch (Capall Traíoch)

Is clár é Traíoch nó Capall Traíoch a dhéanann gnáthphróiseas sa ríomhaire ach a dhéanann próiseas eile, a thiocfadh leis bheith dochrach, ag an am chéanna. Bíonn ríomhchláir Thraíocha i bhfolach i ríomhchláir eile agus bíonn siad i mbréagriocht ionas go bhfuil siad cosúil le rud éigin a mbeadh an t-úsáideoir ag iarraidh é a oscailt. D'fhéadfadh haiceálaithe cláir Thraíocha a chruthú le sonraí a chóipeáil ó chomhaid shlána nó is féidir leo rochtain a thabhairt don haiceálaí ar chóras gan ainm úsáideora nó pasfhocal.

Ríomhphéist

Is cineál víris í ríomhphéist. Is ríomhchláir iad ríomhphéisteanna a scaipeann iad féin trí cheangal líonra le córais eile. Is clár saorsheasaimh é agus mar sin de, níl ríomhchlár óstála nó comhad óstála de dhíth air le macasamhlú a dhéanamh.

Cuirfidh sé moill ar chórais cionn is go ndéanfaidh sé fuadach ar chumhacht próiseála an ríomhaire leis an ríomhphéist a macasamhlú.

Eochairlogálaí

Is cineál earraí spiaireachta é eochairlogálaí a dhéanfaidh gach buille eochrach a dhéanann úsáideoir a thaifeadadh agus a sheoladh faoi rún trasna an idirlín. Is contúirt slándála é seo agus táirgí nó seirbhísí á gceannach ar líne, agus mar sin de bíonn a lán suíomhanna gréasáin ag éileamh ar úsáideoirí carachtair nó grianghraif a roghnú atá ginte go randamach agus taispeánta ar scáileán.

Earraí spiaireachta

Earraí spiaireachta an t-ainm a thugtar ar bhogearraí atá ag iarraidh monatóireacht a dhéanamh go rúnda ar ghníomhartha an úsáideora ar an ríomhaire agus iad a chur thar an idirlíon. D'fhéadfaí go mbeadh bogearraí eochairlogálaí i gceist leis seo, nó bogearraí fógraíochta (a dhéanfaidh monatóireacht ar shiopadóireacht ar líne ar mhaithe le margaíocht dhírithe eile a dhéanamh), nó bogearraí fuadach brabhsálaí (a ghlacfaidh seilbh ar an bhrabhsálaí agus a thaispeánfaidh fógraí gan iarraidh). B'fhéidir go dtaifeadfadh na hearraí spiaireachta sonraí pearsanta, amhail faisnéis faoi chárta creidmheasa, pasfhocal, nó stair ceannachán ar líne. Is féidir faisnéis a bailíodh ar an dóigh seo a úsáid le calaois nó dúmhál a dhéanamh.

Leabharliosta

http://www.bbc.co.uk/webwise/guides/about-spyware

https://www.saferinternet.org.uk/advice-centre/teachers-and-professionals

BCS Glossary of Computing and ICT, 13ú eagrán, BCS Academy Glossary Working Part.

© CCEA 2019